

Cúram Imshaoil

AG CUR LE GHNÍOMHAÍOCHT ÁITIÚIL

Spriocanna an Mhodúil

Is éard atá sa mhodúl seo ná bailchríoch ar an tsraith iomlán acmhainní atá ar fáil ar an láithreán gréasáin seo. Spreagann sé daltaí an t-eolas atá faighte amach acu ón bplé agus iniúchadh atá déanta acu ar an imshaol agus ar shaincheistanna bainteacha a chur i bhfeidhm. Dírítear ar an nádúr áitiúil agus comhtháite a bhaineann le saincheistanna imshaoil. Breathnaíonn daltaí ar a n-imshaol agus cláraíonn siad é trí shuirbhéireacht agus trí léarscáil a tharraingt agus ansin aithníonn siad na príomhcheistanna a bhíonn ag déanamh imní dóibh, chomh maith le drochspotaí timpistí nó fadhbanna áitiúla eile. Is bealach é seo chomh maith cur chuige comhtháite agus pleanáilte a fhorbairt maidir le smaointe le haghaidh tionscadail ghníomhartha áitiúla atá tagtha chun cinn tríd na pacáistí acmhainní eile atá ar an láithreán gréasáin seo a úsáid.

Leagann léarscáilíocht agus suirbhéireacht a dhéantar (le saincheistanna áitiúla a bhíonn ag déanamh imní do dhaoine a aithint síos) an nádúr idirspiléach a bhaineann le rudaí agus an chúis agus an éifeacht a bhíonn

idir iompar an duine agus caighdeán imshaoil, ag léiriú nach rudaí teibí iad na saincheistanna imshaoil sin, ach gur cuid den saol ó lá go lá iad agus go bhfuil siad lárnach ó thaobh ár gcaighdeán saoil.

A luaithe agus atá suirbhé agus léarscáil déanta den áit, cuireann daltaí liosta mianta le chéile de na feabhsúcháin ba mhaith leosan a fheiceáil ag tarlú ina gceantar agus déanann siad iniúchadh ar cé air a bheidh an fhreagracht maidir le feacht agus feabhsú imshaoil. Féadfar breathnú ar an gcoincheap 'forbairt inbhuanaithe' i gcomhthéacs áitiúil agus féadfar iad a cheangal le saincheistanna níos leithne agus le ceistanna atá mar ábhar imní ar bhonn domhanda. Tá acmhainní ar fáil sa phacáiste seo chomh maith (le caointhead ó Chumann Múinteoirí Éireann) le cuidiú leis an rang cosán imshaoil a fhorbairt sa cheantar (b'fhéidir ar chlós na scoile nó sa cheantar lasmuigh) le haghaidh sprioghrúpa daltaí níos óige nó don phobal áitiúil

Naisc Curaclaim

Baineann an pacáiste seo go háirithe leis an snáith Feasachta agus cúraim imshaoil den OSIE,

Eolaíocht agus Tíreolaíocht, agus leis na snáithaonaid Feasachta imshaoil (gnéithe dearfacha den imshaol nádúrtha agus thógtha a aithint trí bheith ag breathnú, ag tomhas agus ag clárú) agus Feasacht imshaoil (páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chuireann leis an imshaol, saincheist áitiúil, náisiúnta nó domhanda a aithint agus a phlé, léirithuisint a fháil ar fhreagracht aonair, pobail agus náisiúnta i leith cúram imshaoil). Tá ceangal láidir ag an modúl seo chomh maith leis an tsnáith fhorbairt scileanna Tíreolaíochta (Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha) an tsnáith Tíreolaíochta, Imshaoil dhaonna (daoine ina gcónaí agus ag obair sa cheantar áitiúil agus daoine ina gcónaí agus ag obair i gcuid dhifriúil d'Éirinn); agus an tsnáith Staidéar áitiúil de stair. Tá dlúthcheangal ag na cleachtaí agus ag na gníomhaíochtaí chomh maith leis an tsnáith Imshaol nádúrtha (An t-imshaol áitiúil). Tá an modúl áisiúil chomh maith i gcomhthéacs OSPS, Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt.

CÚRAM IMSHAOIL

Nótaí do Mhúinteoirí

ar leanúint →



saincheisteanna sin deacair a réiteach. Bíonn cúrsaí imshaoil níos réadúla ar an mbealach sin seachas a bheith á bplé ina n-aonair.

Cad is féidir le daltaí a dhéanamh?

Cloistear frása coitianta i measc lucht imshaoil 'smaoinigh ar bhonn domhanda, gníomhaigh ar bhonn áitiúil'. Tosaíonn athrú cleachtas agus caomhnú an imshaoil le hiompar pearsanta an duine agus leis an tionchar a bhíonn ag an duine féin ar an méid a bhíonn timpeall orthu, ach síneann sé chuig an domhan ar fad.

Táthar dóchasach go mbeidh daltaí a raibh baint acu leis na

gníomhaíochtaí sa phacáiste seo agus le hacmhainní eile na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar an eolas níos fearr anois maidir le saincheisteanna imshaoil in Éirinn agus go smaoinoidh siad ar go leor rudaí nár smaoinigh siad orthu roimhe seo. Is í an smaointeoireacht sin croílár aon fheabhais a chuirfear ar chleachtas imshaoil in Éirinn.

Bealach amháin chun tús a chur leis an athrú ar fad ná cuairt a thabhairt ar www.schoolbookexchange.ie áit ar féidir le scoileanna agus le tuismitheoirí leabhair a dhóil agus a cheannach le dramhaíl a sheachaint.

Féadfar daltaí a spreagadh chun breathnú ar a n-iompar féin agus a bheith ag faire amach ar rudaí a chuirtear amú, ar bhruscar agus droch-iompar eile, ach níor chóir go mbraithfidís gur orthusan atá an milleán as gach a théann mícheart san imshaoil. Tá sé tábhacht a aithint gur beag rogha go minic a bhíonn acu ó thaobh a n-iompair féin: conas a théann siad ar scoil, cad a itheann a dteaghlach nó cad a cheannaíonn siad, nó conas a bhreathnaíonn an chomharsanacht. Ní féidir le daoine go leor rudaí a athrú thar oíche. Is faoi chomhfhios forleathan agus tacaíocht a bhíonn ceisteanna imshaoil go minic ionas gur féidir le hathruithe níos mó tarlú de réir a chéile.

Féadfaidh scoileanna a bheith an-ghníomhach ó thaobh cúrsaí imshaoil áitiúla, mar atá an líon mór 'Scoileanna Glasa' in Éirinn ag léiriú cheana féin. Féadfaidh scoileanna agus daltaí tionscadail leis an gceantar áitiúil a chur chun cinn a stiúradh (ag cur plandaí i gclós na scoile agus lasmuigh de) chomh maith le hathchúrsáil agus feachtas fheasachta áitiúla. Cén fáth nach dtosaíonn tú le hathbhreithniú ar fheidhmíocht imshaoil sa scoil? An n-úsáideann sibh páipéar atá athchúrsáilte? An bhfuil sibh cúramach faoin méad fuinnimh agus uisce a úsáideann sibh? Cad iad na comharthaí a fhaigheann na daltaí maidir le tús áite a thabhairt do chaomhnú imshaoil?

CÚRAM IMSHAOIL

Nótaí do Mhúinteoirí


ar leanúint →

Le fáil freisin ar an láithreán gréasáin seo

- Bealaí oideachais CMÉ, ón bPacáiste ag Tabhairt Aire don Domhan
- ECO - Conas Club Eco a bhunú i do scoil

An pacáiste Cúram Imshaoil - foramharc ar an ábhar

Tá ceangal idir go leor de na gníomhaíochtaí sa phacáiste seo; tosaíonn daltaí le gníomhaíocht léarscáilíochta agus ansin úsáideann siad an léarscáil le smaoineamh ar shaincheisteanna agus le feabhsúcháin a phleanáil. Is fearr na chéad cheithre ghníomhaíocht go háirithe a dhéanamh san ord céanna agus iad mar shraith de réir a chéile. Beifear in ann áfach cuid den tsuirbhéireacht agus cuid de na gníomhaíochtaí pleanála a dhéanamh ar léarscáileanna áitiúla nach ndearna na daltaí iad féin. Más féidir ba chóir do dhaltaí a gcuid léarscáileanna féin a fhorbairt le feachtas áitiúil a fhorbairt ón tús. Féachann gníomhaíochtaí 5 agus 6, nach bhfuil ag brath chomh mór ar ghníomhaíochtaí ó phacáistí eile, an plé a shíneadh thar an imshaoil áitiúil, ag léiriú go dtagann saincheisteanna agus deacrachtaí cosúil leis sin chun cinn ag gach leibhéal.



1. Léarscáil taisce Ag Déanamh léarscáile de do thimpeallacht

Déanfaidh na daltaí léarscáil de chlós na scoile agus den timpeallacht, agus iad ag iniúchadh agus ag plé an imshaoil áitiúil.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR)
Snáitheanna Curaclaim OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feachtas agus cúram imshaoil OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

Am 20-30 nóiméad ag cur i láthair; 40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíochta léarscáilíochta

2. X ar an spota X Ag baint leasa as do léarscáil le haird a tharraingt ar shaincheisteanna imshaoil

Bainfidh daltaí leas as ceann de na léarscáileanna a ullmhaíodh i 'Léarscáil taisce' (thuas) le saincheisteanna áitiúla a iniúchadh agus le haird a tharraingt ar shaincheisteanna imshaoil sa cheantar.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).
Snáitheanna Curaclaim OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feachtas agus cúram imshaoil OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna agus coincheapa Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

CÚRAM IMSHAOIL

Nótaí do Mhúinteoirí

ar leanúint →

Am 20-30 nóiméad cur i láthair;
40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíochta léarscáilíochta

3. Réiteach a phleanáil Ag úsáid do léarscáile le smaoineamh ar fheabhsúcháin áitiúla

Úsáidfidh na daltaí na léarscáileanna a forbraíodh sna gníomhaíochtaí 'Léarscáil taisce' agus 'X ar an spota' le bealaí lena dtimpeallacht a fheabhsú a iniúchadh agus le tionscadail fheabhsúcháin a d'fhéadfaí a chur ar bun a phlé.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

Am 20-30 nóiméad cur i láthair;
40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíochta léarscáilíochta.

4. Ag aimsiú slí Ag féachaint ar oidhreacht agus ar stair áitiúil

Déanann na daltaí imscrúdú ar ghnéithe éagsúla den oidhreacht áitiúil agus den stair agus cuirfidh siad síos an t-eolas sin i bhfoirm slí áitiúil le feasacht oidhreachta áitiúil a chur chun cinn.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Stair - Staidéir áitiúla;
Leanúnachas agus athrú thar am

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú, ag sinitéisiú agus ag cur in iúl agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha. Ag obair mar staraí.

Am 20 nóiméad cur i láthair;
seisiúin 30-40 nóiméad ag déanamh taighde ar an slí

5. Ag plé saincheisteanna imshaoil

5a Scéal an toitcheo

5b An diuilicín riabhach

5c An t-íolar fíréan

Smaoineoidh na daltaí ar chás-staidéir chearta as Éirinn maidir le saincheisteanna imshaoil áitiúla nó náisiúnta agus na cur chuig a ghlactar le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Smaoiníonn siad ansin ar na fadhbanna ó thaobh peirspictíochtaí daoine difriúla lena mbaineann na cásanna le nádúr coimpléascach agus comhtháite na saincheisteanna a bhreithniú.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Eolaíocht - Eolaíocht agus an t-imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag plé

Am 20 nóiméad cur i láthair; 40 nóiméad ról imeartha agus ullmhúchán

CÚRAM IMSHAOIL

Nótaí do Mhúinteoirí

ar leanúint →

6. Ag vótáil le do chosa Cumhacht an tomhaltóra agus trádáil chothrom

Pléifidh na daltaí cuid de na fíricí a bhaineann leis an gcoincheap maidir leis an 'trádáil chothrom' a bhíonn idir náisiúin fhorbartha agus náisiúin i mbéal forbartha. Leathnaítear an díospóireacht ar an imshaol agus ar fhorbairt leis an ngné dhomhanda.

Téama Gníomhaíocht ranga

Cuspóirí Feasacht a leathnú maidir le saincheisteanna domhanda a bhaineann le trádáil agus forbairt; spreagadh a thabhairt do dhaltaí smaoineamh ar na tionchair a bhíonn ag a gcuid gnásanna ceannacháin ar dhaoine ar fud an domhain.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht
- Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil
Dhaonna; Saincheisteanna
trádála agus forbartha

OSPS - Mé féin agus an domhan
mór

Scileanna Ag léitheoireacht, ag ceistiú, ag breathnú, ag plé, ag aithint, ag tagairt

Am 20-30 nóiméad le fíricí a léamh; 20 nóiméad le táblaí a phlé